

Vacsáin Hib

Bileog Eolais do Thuismitheoirí

Cad is Hib ann?

Cineál Haemophilus influenzae b is ea Hib. D'fhéadfadh ionfhabhtú tromchúiseach i leanaí agus i ndaoine le córas imdhíonachta laga a bheith mar thoradh ar an mbaictéir seo.

Conas a scaiptear Hib?

Maireann na baictéir atá ina chúis le galar Haemophilus influenzae cineál b (Hib) sa tsrón agus sa scornach. Is féidir le duine a iompraíonn an baictéir é a scaipeadh trí chasacht, sraothartach nó anáilú fiú.

Cad iad na tinnis atá mar thoradh air?

D'fhéadfadh Hib a bheith ina chúis le tinnis thromchúiseacha lena n-áirítear:

- meiningíteas (athlasadh na líneála timpeall na hinchinne),
- seipticéime (nimhiú fola),
- eipeaglotas (at sa scornach a d'fhéadfadh tachtadh a bheith mar thoradh air),
- Oistéimíailíteas (ionfhabhtú sa chnámh).

Cé hiad na daoine is mó atá i mbaol?

Is iondúil go ngoileann an galar Hib ar leanaí faoi cheithre bliana d'aois. Tá leanaí faoi bhun aon bhliain d'aois go mór i mbaol.

An bhfuil vacsaín ann i gcoinne Hib?

Ó 1992, tá vacsaín Hib á thairiscint do gach leanbh mar chuid den chlár imdhíonta óige. Ba chóir do leanaí an vacsaín 6-i-1 a fháil ag 2, 4 agus 6 mhí d'aois. San áireamh sa vacsaín 6-i-1, tá Hib, diftéire, heipitíteas B, triuch, polaimíailíteas agus teiteanas.

An bhfuil teandáileog Hib de dhíth ó mo pháiste?

Ba chóir teandáileog Hib a thabhairt dod' leanbh ag 13 mhí chun cosaint bhreise i gcoinne an ghalair Hib a fháil. Tugtar seo ag an am céanna leis an vacsaín MenC.

Cad leis a mbeifeá ag súil i ndiaidh an vacsaíniú

D'fhéadfadh sé go mbeadh míchompord, deargadh agus at san áit ar tugadh an t-instealladh i gcás roinnt leanaí. D'fhéadfaidís a bheith cantalach agus fiabhras a bheith orthu.

Má tharlaíonn sé seo, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúpróifein naíonán a thabhairt dóibh. Ba chóir duit neart a thabhairt dóibh le n-ól. Déan cinnte nach bhfuil siad ró-the agus nach bhfuil a gcuid éadaí ag cuimilt i gcoinne na háite inar tugadh an t-instealladh.

Cé nár chóir dóibh an vacsaín Hib a fháil?

Tá an vacsaín Hib sábháilte d'fhormhór na ndaoine. Mar sin féin, níor chóir dod' leanbh é a fháil má bhí fíor-fhrithghníomh ailléirgeach (anaifíolacsas) aige/aici i gcoinne vacsaín Hib roimhe seo, nó i gcoinne aon chuid den vacsaín.

Cuimhnigh

Tugann an Vacsaín Hib cosaint i gcoinne Hib meningítis agus seipticéime a eascraíonn ón ngalar Hib amháin.

Tá cúiseanna eile ann don mheiningítis agus seipticéime agus ní mór duit fios a bheith agat ar na comharthaí sóirt chun é a aithint.

I measc na gcomharthaí sóirt tá:

- fiabhras,
- diúltú do bhia,
- cuma bán san éadan nó craiceann breactha, spotaí nó gríos, nó
- codlatach nó deacair é/í a dhúisiú

Má tá inní ort faoi do leanbh, glaoigh ar do dhochtúir teaghlaigh láithreach.

Chun tuilleadh eolais a fháil

- Déan teagmháil le do dhochtúir teaghlaigh nó d'altra sláinte poiblí
- Faigh cóip de "Imdhíontaí do Pháiste- Treoir do Thuismitheoirí" atá ar fáil ó d'altra sláinte poiblí.